Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5528/21**

**DENLEG 5**
**FOOD 5**
**SAN 31**
**DELACT 12**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Eanáir 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2021) 155 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 20.1.2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/127 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le dáta chur chun feidhme forálacha áirithe de |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2021) 155 final.

Faoi iamh: C(2021) 155 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.1.2021
C(2021) 155 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.1.2021**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/127 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le dáta chur chun feidhme forálacha áirithe de**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú[1], tugtar de chumhacht don Choimisiún Eorpach Gníomhartha Tarmligthe a ghlacadh chun na gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 11(1) den Rialachán sin a nuashonrú, is é sin, i measc Rialachán eile, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/127 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha i dtaobh comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i dtaobh faisnéis a bhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga[2].

Is é is aidhm don Rialachán tarmligthe seo Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/127 a leasú trí dháta chur i bhfeidhm a bhforálacha maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine a chur siar, de dheasca na moille gan choinne sna measúnuithe eolaíocha ar fhoirmle den sórt sin arna ndéanamh ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) arb é paindéim COVID-19 is cúis léi.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe sna Ballstáit i gcomhthéacs an Ghrúpa Saineolaithe maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú[3], grúpa a raibh cruinniú aige maidir leis an ábhar sin an 15 Deireadh Fómhair 2020.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 bunús dlí an Rialacháin Tarmligthe seo. De réir na forála sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 11(1) den Rialachán sin a nuashonrú, amhail Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/127, faoi réir na gceanglas ginearálta a leagtar amach in Airteagail 6 agus 9 den Rialachán céanna, faoi réir cheanglais bhreise Airteagal 10 agus an dul chun cinn ábhartha teicniúil agus eolaíoch atá déanta á chur san áireamh.

Tá na hathruithe atá beartaithe maidir le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/127 ann de dheasca na moille gan choinne, arb iad paindéim COVID-19 agus an ghéarchéim sláinte poiblí a bhaineann léi is cúis léi, sna measúnuithe eolaíocha ar bhainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáit próitéine agus a bhfuil meastóireacht á déanamh ag an Údarás orthu faoi láthair. Chun míshocrachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann sa mhargadh a sheachaint, is

[1] IO L 181, 29.6.2013, lch. 35.
[2] IO L 25, 2.2.2016, lch. 1.
[3] Tagairt E02893 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d’eintitis eile den saghas céanna.

gá cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine a chur siar bliain amháin.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.1.2021**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/127 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le dáta chur chun feidhme forálacha áirithe de**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún[4], agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127[5] ón gCoimisiún, leagtar síos, ceanglais shonracha comhdhéanaimh le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáit próitéine. Foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 go mbeidh feidhm ag a fhorálacha maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine ón 22 Feabhra 2021.

(2) Ceadaíodh hidrealasáití próitéine a úsáid i mbainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach faoi Threoir 2006/141/CE[6]. Sa tuairim ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('Údarás') maidir le comhdhéanamh fíor-riachtanach bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, mar sin féin, [7], thug an tÚdarás dá aire nach mór sábháilteacht agus oiriúnacht gach foirmle shonrach ina bhfuil hidrealasáití próitéine a bhunú trí bhíthin meastóireacht chliniciúil.

---

4 IO L 181, 29.6.2013, lch. 35.

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha i ndáil le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach do naíonáin agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le faisnéis a bhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga (IO L 25, 2.2.2016, lch. 1).

6 Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2006 maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach agus lena leasaítear Treoir 1999/21/CE (IO L 401, 30.12.2006, lch. 1).

7 Painéal NDA EFSA (Painéal EFSA ar Tháirgí Diaitéiteacha, Cothú agus Ailléirgí), 2014. Tuairim Eolaíoch maidir le comhdhéanamh riachtanach bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach. Iris EPSA 2014;12(7):3760.

(3) Ní bhfuair ach foirmle amháin atá ar an margadh faoi láthair measúnú dearfach ón Údarás go dtí seo. Comhfhreagraíonn a chomhdhéanamh do na ceanglais dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127.

(4) Tá measúnú á dhéanamh ag an Údarás faoi láthair ar shábháilteacht agus oiriúnacht roinnt comhdhéanamh eile, a chomhfhreagraíonn d'fhoirmlí atá curtha ar an margadh go dlíthiúil i gcomhréir le Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún.

(5) Féadfar na ceanglais dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 a nuashonrú le go bhféadfar foirmle a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine a bhfuil comhdhéanamh ag baint leis atá éagsúil leis an gcomhdhéanamh a ndearnadh measúnú dearfach air a chur ar an margadh, tar éis don Údarás meastóireacht cás ar chás a dhéanamh ar a sábháilteacht agus a n-oiriúnacht

(6) De dheasca phaindéim COVID-19 agus an ghéarchéim sláinte a bhaineann léi, mar sin féin, bhí moill ar mheasúnuithe eolaíocha a dhéanamh ar an bhfoirmle a bhfuil meastóireacht á déanamh uirthi ag an Údarás faoi láthair.

(7) Chun míshocrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann sa mhargadh a sheachaint, is gá cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine a chur siar ar feadh tréimhse ama a mheastar a bheith iomchuí chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 ar an meastóireacht a rinne an tÚdarás a chúiteamh.

(8) I bhfianaise an ghá le míshocrachtaí sa mhargadh a sheachaint, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 mar a leanas:

(1) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'I gcomhréir le hAirteagal 20(4) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, aisghairtear Treoir 2006/141/CE le héifeacht ón 22 Feabhra 2020. Beidh feidhm ag Treoir 2006/141/CE, mar sin féin, go dtí an 21 Feabhra 2022 maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine'

(2) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Beidh feidhm aige ón 22 Feabhra 2020, ach amháin i leith bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a mhonaraítear as hidrealasáití próitéine, a mbeidh feidhm aige ón 22 Feabhra 2022.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20.1.2021

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*